Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2026
(OR. en)

8947/26

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0421(COD)**

**TRANS 278**
**AVIATION 74**
**MAR 71**
**CLIMA 242**
**COMPET 529**
**ENV 460**
**ENER 226**
**ECOFIN 583**
**IND 313**
**CODEC 835**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 17016/1/25 REV 1; 17016/1/25 ADD 1 REV 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feithiclí corparáideacha glana<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 18 Nollaig 2025 mar chuid den Phacáiste Gluaisteán.

2. Tá sé beartaithe leis an togra aghaidh a thabhairt ar ghlacadh íseal agus infhaighteacht neamhleor gluaisteán paisinéirí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle agus veaineanna saothair éadroim trí spriocanna sonracha a thabhairt isteach le haghaidh gluaisteáin astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle agus veaineanna saothair éadroim i bhflíteanna corparáideacha, ós rud é go bhfuil sciar ard de na flíteanna sin sna feithiclí nua a chláraítear agus go bhfuil ráta athnuachana níos tapúla acu. Trí dhíriú ar fhlíteanna corparáideacha, ba cheart borradh a chur faoi iomaíochas thionscal gluaisteán an Aontais agus bheadh éifeacht iarmharta aige freisin ar mhargadh athláimhe na bhfeithiclí sin.

Ina theannta sin, moltar sa togra freisin go mbeadh tacaíocht airgeadais ó na Ballstáit chun dlús breise a chur le glacadh na bhfeithiclí sin, ó 2028 ar aghaidh, teoranta d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle atá 'déanta san Aontas Eorpach' mar a shaineofar sa Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht.

## II. OBAIR IN INSTITIÚIDÍ EILE

3. D'ainmnigh Parlaimint na hEorpa comhchoiste Comhshaoil agus Iompair maidir leis an togra seo agus Tiemo Wölken (S&D, DE - ENV) agus François Kalfon (S&D, FR – TRAN) mar rapóirtéirí. Tá sé beartaithe ag Parlaimint na hEorpa a seasamh a ghlacadh ag an seisiún iomlánach a bheidh aici an 23 Samhain 2026.

4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim ag an 604ú seisiún iomlánach, an 18 Márta 2026. Níor ghlac Coiste na Réigiún a thuairim go fóill.

## III. DUL CHUN CINN LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE AGUS DÁ COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN

5. Chuir an Mheitheal um Iompar de Thalamh tús lena scrúdú ar an togra an 13 Eanáir 2026 le cur i láthair ginearálta ar an togra agus ar an measúnú tionchair a ghabhann leis. Lean an Mheitheal dá cuid oibre an 3 agus an 17 Feabhra, an 3 agus an 17 Márta, an 14 Aibreán agus an 19 Bealtaine 2026.

6. Ó cuireadh an togra agus an measúnú tionchair i láthair, chuir na Ballstáit in iúl go dtacaíonn siad leis an gcuspóir dlús a chur le glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus iomaíochas thionscal gluaisteán an Aontais a neartú. Ag an am céanna, tá tuairimí éagsúla ann maidir leis an gcur chuige rialála is iomchuí chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

7. Dá gcomhlánófaí an cur chuige ó thaobh an tsoláthair de maidir le caighdeáin $CO_2$ do ghluaisteáin agus veaineanna trí bhíthin bearta atá dírithe ar an éileamh lena ndírítear ar fhlíteanna corparáideacha, measann roinnt Ballstát go bhféadfaí cabhrú le dlús a chur le glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus feithiclí astaíochtaí ísle sa mhargadh agus margaí ceannródaíocha cobhsaí a chruthú do thionscal gluaisteán na hEorpa. Cuireann Ballstáit eile imní in iúl maidir le cineál éigeantach agus breisluach foriomlán na spriocanna atá beartaithe, maidir lena gcomhréireacht i ndáil leis an ualach riaracháin a eascraíonn astu, maidir leis na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar ghnólachtaí agus ar FBManna agus maidir leis an mbaol go bhfuil an togra ró-idirghabhálach. Léiríodh na hábhair imní sin freisin i bpáipéar leathoifigiúil comhpháirteach, arna thíolacadh ag grúpa suntasach de Bhallstáit. Chuir Ballstát amháin in iúl go raibh sé i gcoinne an togra san fhoirm ina bhfuil sé agus, ag an am céanna, gur thacaigh sé leis an gcuspóir maidir le leictriú flít i bprionsabal. An tráth céanna, chuir roinnt Ballstát in iúl, agus forchoimeádais acu maidir le gnéithe den togra, go raibh siad toilteanach leanúint den phlé teicniúil d'fhonn comhréitigh a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint.

8. Le linn Uachtaránacht na Cipire, rinne an Mheitheal an chéad scrúdú iomlán airteagal ar airteagal ar an togra. Díríodh sa phlé go háirithe ar an raon feidhme agus na sainmhínithe, leibhéal uaillmhéine na spriocanna atá beartaithe, na hoibleagáidí tuairiscithe agus an t-ualach riaracháin, agus ar idirghníomhaíocht an togra le comhaid reachtacha ghaolmhara, go háirithe an t-athbhreithniú ar chaighdeáin $CO_2$ do ghluaisteáin agus veaineanna agus ar an nGníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht.

9. Chun plé a éascú agus obair theicniúil a chur chun cinn, scaip an Uachtaránacht nóta stiúrtha agus an chéad togra comhréitigh ina léirítear barúlacha agus moltaí maidir le dréachtú a d'ardaigh na toscaireachtaí le linn an phlé. Pléadh an chéad togra comhréitigh sa Mheitheal, an 19 Bealtaine 2026, agus ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí i gcoitinne é mar bhonn cuiditheach chun leanúint den phlé teicniúil, cé go raibh forchoimeádais shuntasacha fós ag roinnt díobh maidir le príomhghnéithe polaitiúla den togra. D'éascaigh an Uachtaránacht malartuithe freisin maidir le hindéantacht tuairiscithe agus modheolaíochtaí bailithe sonraí, lena n-áirítear cur i láthair ó na Ballstáit ar na cleachtais chlárúcháin agus tuairiscithe atá ann cheana. Sa chomhthéacs sin, leag roinnt Ballstát béim ar an ngá atá le tuilleadh oibre teicniúla ar mhodheolaíochtaí bailithe sonraí agus ar idirnaisc chlárlainne chun cur chuige comhsheasmhach agus inoibrithe a áirithiú ar fud na mBallstát.

10. Tharraing na Ballstáit ceisteanna anuas freisin faoin gceanglas 'déanta san Aontas Eorpach' agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige, lena n-áirítear maidir le raon feidhme choincheap na 'tacaíochta airgeadais' agus maidir lena idirghníomhú le scéimeanna tacaíochta náisiúnta. Tharraing roinnt Ballstát ceisteanna anuas freisin maidir le hidirghníomhú Airteagal 4 le hinniúlachtaí fioscacha náisiúnta. Lean an plé ar na gnéithe sin de bheith ag forbairt tar éis fhoilsiú an Ghnímh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht an 4 Márta 2026. Ag an am céanna,

chuir na Ballstáit i bhfios go láidir go mbeadh gá le tuilleadh soiléireachta maidir le brí phraiticiúil an cheanglais ‘déanta san Aontas Eorpach’ chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag teorainn a chur leis an tacaíocht airgeadais a thugtar d’fheithiclí a tháirgtear faoin lipéad sin. Beidh tuilleadh dul chun cinn maidir leis na gnéithe sin ag brath go páirteach ar dhul chun cinn an phlé sna comhlachtaí ullmhúcháin ábhartha ina scrúdaítear an Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht.

11. Leis an bplé a rinneadh faoi Uachtaránacht na Cipire, bhíothas in ann soiléirithe teicniúla úsáideacha a dhéanamh agus na príomh-shaincheisteanna polaitiúla agus cothrománacha ar gá tuilleadh oibre a dhéanamh ina leith a shainaithint ar bhealach níos fearr. Ag an am céanna, deimhníodh sa phlé na dlúthnaisc idir an togra seo, an t-athbhreithniú ar chaighdeáin $CO_2$ do ghluaisteáin agus veaineanna agus Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht. Dá bhrí sin, beidh tionchar tábhachtach ag an dul chun cinn a dhéanfar leis na comhaid ghaolmhara sin ar thuilleadh oibre ar an togra.

## IV. CONCLÚID

12. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Coreper agus ar an gComhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá n-aire, ag an gcruinniú a bheidh aici an 27 Bealtaine agus an 8 Meitheamh 2026, faoi seach.